Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15782/25**

**COMPET 1218**
**MI 940**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás), an 8 Nollaig 2025*<br>Ríomhthráchtáil: Dúshláin maidir le comhlíontacht táirgí agus forfheidhmiú na comhlíontachta<br>*- Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta ón Uachtaránacht maidir le 'Ríomhthráchtáil: Dúshláin maidir le comhlíontacht táirgí agus forfheidhmiú na comhlíontachta' d'fhonn seisiún tuairimíochta a reáchtáil ag an gComhairle Iomaíochais an 8 Nollaig 2025.

**IARSCRÍBHINN**

# PLÉPHÁIPÉAR

## Cruinniú den Chomhairle Iomaíochais

## An Bhruiséil, an 8 Nollaig 2025

*Ríomhthráchtáil: Dúshláin maidir le comhlíontacht táirgí agus forfheidhmiú na comhlíontachta*

Le blianta beaga anuas, tá athrú suntasach tagtha ar nósanna tomhaltóirí agus ar chleachtais ghnó san Eoraip agus ar fud an domhain. Tá fás suntasach tagtha ar earnáil na ríomhthráchtála: is cuid lárnach den gheilleagar domhanda í feasta, d'athraigh sí ó bhonn an chaoi a gceannaítear agus a ndíoltar earraí laistigh den Aontas agus sa chuid eile den domhan. In 2022, tháinig 1,4 billiún pacáiste dar luach íseal (suas le EUR 150) isteach san Aontas ó thríú tíortha, agus d'ardaigh a líon go suntasach go 4,6 billiún in 2024[1]. I bhfianaise a thapúla a leathnaigh an ríomhthráchtáil le blianta beag anuas, is léir roinnt dúshlán rialála a chuireann comhtháthú agus feidhmiú an Mhargaidh Aonair i mbaol. Is é ceann de na príomhdhúshláin iomadú na dtáirgí neamhdhleathacha agus neamhchomhlíontacha a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha agus na féidearthachtaí agus na coinníollacha atá ann do na húdaráis comhlíontacht a fhorfheidhmiú ar fud earnálacha éagsúla.

Ní chomhlíonann líon mór na dtáirgí a thairgtear ar mhargaí ar líne agus a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí san Aontas ó thríú tíortha na caighdeáin ná an reachtaíocht is gá[2]. De bharr a laghad oibleagáidí atá orthu ó thaobh comhlíonadh a áirithiú, is geall le tairseach iad na margaí ar líne do dhíoltóirí tríú tír trínar féidir leo a dtáirgí a chur ar an Margadh Aonair ó chian, agus é sin a dhéanamh ina éagmais allmhaireoir traidisiúnta ar a bhfuil oibleagáidí chun comhlíonadh a áirithiú.

---

1 Straitéis um an Margadh Aonair: De réir shonraí faireachais an Aontais, allmhairíodh 4,6 billiún de choinsíneachtaí ar luach íseal (suas le EUR 150) isteach san Aontas in 2024. Tá sin beagnach dhá oiread níos mó ná an figiúr a taifeadadh in 2023 (2,4 billiún), agus tá sé níos mó ná trí oiread níos mó ná mar a bhí in 2022 (1,4 billiún). Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí.

2 Straitéis um an Margadh Aonair: I measc na dtáirgí a liostaítear ar ardán ríomhthráchtála aitheanta mór le linn seiceáil ag eagraíocht tomhaltóirí, beagnach gach táirge a tástáladh i gcatagóirí amhail clogaid, cosmaidí, bréagáin agus giuirléidí, coinnle agus spúinsí, táirgí leictreacha agus táirgí nasctha, bhí siad contúirteach, níor soláthraíodh an fhaisnéis riachtanach ar nós treoracha sábháilteachta nó liostaí comhábhar, agus/nó bhí maímh mhíchearta ag gabháil leo.

Níl an córas forfheidhmithe atá ann faoi láthair in ann an líon mór táirgí a thagann isteach ó thríú tíortha a láimhseáil go leordhóthanach[3]. Tá allmhairí ríomhthráchtála ag cur brú ar acmhainní dhá líne chosanta an Aontais atá tearc cheana féin — is iad sin, na húdaráis chustaim agus na húdaráis um fhaireachas margaidh. Tá gnólachtaí comhlíontacha Eorpacha faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht dá thoradh toisc go gcaitheann siad níos mó acmhainní ag áirithiú go bhfuil siad ag comhlíonadh reachtaíocht ábhartha an Aontais. Ina theannta sin, d'fhéadfadh rioscaí tromchúiseacha sláinte agus sábháilteachta do thomhaltóirí a bheith mar thoradh ar an méadú atá ag teacht ar líon na dtáirgí atá neamhshábháilte nó neamhchomhlíontach agus bíonn tionchar diúltach aige sin ar an gcomhshaol agus ar iomaíochas an Aontais.

Le 10 mbliana anuas, rinneadh bearta de réir a chéile i roinnt reachtaíochta gaolmhaire chun aghaidh a thabhairt ar na dhúshláin a bhaineann leis an ríomhthráchtáil, ina measc an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh agus an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. Mar sin féin, tá na saincheisteanna maidir le ríomhthráchtáil fós ann agus tá líon na ndúshlán ag dul i méid go leanúnach de dheasca an mhéaduithe leanúnaigh ar líon na dtáirgí atá ag teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha.

Tá an Coimisiún tar éis aghaidh a thabhairt arís agus arís eile i gcaitheamh na bliana seo ar na dúshláin atá ag dul i méid sa ríomhthráchtáil. I mí Feabhra, cuireadh an Teachtaireacht maidir le Ríomhthráchtáil i láthair; bosca uirlisí cuimsitheach de chuid an Aontais a bhí ann le haghaidh ríomhthráchtáil shábháilte inbhuanaithe. Leagadh amach sa Teachtaireacht cur chuige an Choimisiúin maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an ríomhthráchtáil; leagadh béim ar an ngá atá le cur chuige iomlánaíoch dea-chomhordaithe ó údaráis forfheidhmiúcháin, sraith athruithe struchtúracha ar an reachtaíocht atá ann cheana, chomh maith le reachtaíocht ábhartha an Aontais lena gcosnaítear tomhaltóirí ar líne a fhorfheidhmiú go láidir, lena n-áirítear forfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha.

---

[3] Straitéis um an Margadh Aonair: Mar gheall ar an líon mór táirgí a thagann isteach sa mhargadh Eorpach ón taobh amuigh, tá sé dodhéanta comhlíontacht iomlán a áirithiú trí sheiceálacha custaim agus seiceálacha faireachais margaidh. De réir na tuarascála is déanaí ó Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim maidir le comhlíontacht táirgí, ní dhearnadh cigireacht ach ar 82 tháirge as milliún, chuir údaráis chustaim 51 díobh ar fionraí mar gheall ar ábhair imní a bhain le comhlíontacht nó sábháilteacht táirgí, agus níor diúltaíodh ach do 13 díobh teacht isteach san Aontas (https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/ea5db20e-840f-11f0-9af8-01aa75ed71a1/language-en).

Ina dhiaidh sin, cuireadh an Straitéis don Mhargadh Aonair i láthair, inar leagadh béim ar na saincheisteanna a bhaineann leis an ríomhthráchtáil, na rialacha maidir le táirgí atá as dáta, agus an easpa comhlíontachta táirgí, arb é ceann de na bacainní is díobhálaí agus is leanúnaí do ghnólachtaí san Aontas é. Chun na saincheisteanna sin a réiteach, shainaithin an Coimisiún go bhféadfaí Údarás nua um Fhaireachas Margaidh de chuid an Aontais a bhunú chomh maith leis an gcreat reachtaíochta maidir le táirgí a nuachóiriú agus a dhigiteáil. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an togra ón Aontas maidir le hAthchóiriú Custaim, atá faoi chaibidlíocht faoi láthair le Parlaimint na hEorpa, ar thángthas ar chomhaontú sealadach ina leith sa Chomhairle, teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir le deireadh a chur leis an tairseach díolúine ó dhleacht chustaim EUR 150 atá beartaithe chun roinnt saincheisteanna a bhaineann le táirgí neamhdhleathacha ó thríú tíortha a réiteach. Thairis sin, chuir an Coimisiún i láthair le déanaí an smaoineamh maidir le Gníomh Eorpach um Tháirgí, a bhfuiltear ag súil go n-áireofar ann tograí lena ndéanfar athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh, ar an gCreat Reachtach Nua agus ar an Rialachán maidir le Caighdeánú. Tríd an tionscnamh seo, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann leis an ríomhthráchtáil agus ar easpa comhlíontachta táirgí.

**Agus an méid sin á chur san áireamh, iarraimid ar na toscaireachtaí na ceisteanna seo a leanas a mheas don phlé a dhéanfaidh an Chomhairle Iomaíochais:**

1. Cad iad na bearta breise ba cheart a dhéanamh i réimse na ríomhthráchtála ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais chun tomhaltóirí a chosaint, an cothrom iomaíochta a áirithiú agus iomaíochas gnólachtaí Eorpacha a neartú?

2. Cad is féidir linn a dhéanamh chun an comhordú a fheabhsú agus an forfheidhmiú a neartú laistigh den chreat rialála atá ann cheana chun dul i ngleic, ar bhealach níos fearr, leis na dúshláin a bhaineann le leathnú na ríomhthráchtála? Cá mhéad atá gá le bearta reachtacha nua chun saincheisteanna méadaitheacha a bhaineann leis an ríomhthráchtáil a réiteach, e.g. níos mó freagrachta a thabhairt do mhargaí ar líne as na táirgí a dhíoltar ar a n-ardáin?